



Suí iomlánach

A8-0180/2019

22.3.2019

*****I**
TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hurrúis de bhun bannaí ceannasacha (COM(2018)0339 – C8-0206/2018 – 2018/0171(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Jonás Fernández

Siombailí don nós imeachta

- * An nós imeachta comhairliúcháin
- *** Nós imeachta an toilithe
- ***I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- ***II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- ***III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí atá beartaithe don dréachtghníomh.)

Leasuithe ar an dréachtghníomh

Tá na leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa leagtha amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le **cló trom iodálach** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le **cló trom iodálach** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le **cló trom iodálach** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann an leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian leis an bParlaimint a leasú.

Leasuithe ón bParlaimint i bhfoirm téacs chomhdhlúite

Léirítear téacs nua le **cló trom iodálach**. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le **cló trom iodálach** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus ar athruithe iad a rinne an roinn dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHT-RÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	5
AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH	32
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH.....	33

DRÉACHT-RÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hurrúis de bhun bannaí ceannasacha
(COM(2018)0339 – C8-0206/2018 – 2018/0171(COD))

(Gnáthnós Imeachta Reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2018)0339),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0206/2018),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach an ...¹,
 - ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 17 Deireadh Fómhair 2018²,
 - ag féachaint do Rial 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A8-0180/2019),
1. ag glacadh a seasamh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
 2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
 3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

¹ [IO C 0, 0.0.0000, lch. 0. / Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.]

² [IO C 0, 0.0.0000, lch. 0. / Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.]

Leasú 1

LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA*

ar an togra ón gCoimisiún

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le hurrúis de bhun bannaí ceannasacha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach³,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁴,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) ***B'fhéidir go mbeadh*** Urrúis de bhun Bannaí Ceannasacha (SBBSanna) ***in ann*** aghaidh a thabhairt ar roinnt de na leochaileachtaí a tháinig chun solais le linn na géarchéime airgeadais sa tréimhse 2007-2008 nó a d'eascair as an ngéarchéim. Ar

* Leasuithe: tá aon téacs nua nó leasaithe aibhsithe i geló trom iodálach; léirítear aon rud atá scriosta leis an tsiombail ■ .

³ IO C , , lch. .

⁴ IO C , , lch. .

bhonn níos sonraí, **b'fhéidir go mbeadh** SBBSanna **in ann** cabhrú leis na bainc agus le hinstiúidí airgeadais eile a neamhchosaintí ceannasacha a éagsúlú ar bhealach níos fearr, an fáinne fí idir na bainc agus fiachas ceannasach a lagú tuilleadh agus an soláthar sócmhainní ísealriosca atá sloinnte in euro a mhéadú **rud a d'éascódh cur chun feidhme an bheartais airgeadaíochta**. Sa bhreis air sin, d'fhéadfadh SBBSanna bannaí arna n-eisiúint i margaí náisiúnta beaga agus beagleachtacha a dhéanamh níos tarraingtí d'infheisteoirí idirnáisiúnta, rud a d'fhéadfadh comhroinnt riosca agus laghdú riosca a chothú san earnáil phríobháideach agus leithdháileadh níos éifeachtúla rioscaí a chur chun cinn i measc oibreoirí airgeadais.

- (2) Faoin gcreat dlíthiúil atá ann cheana, is mar urrúsuithe a dhéileálfaí le SBBSanna agus, dá bhrí sin, bheadh siad faoi réir muirir agus lascainí breise i gcoibhneas leis na muirir agus na lascainí a bhfuil na bannaí ceannasacha de chuid an limistéir euro sa phunann fholuitech faoina réir. Chuirfeadh na muirir agus lascainí breise sin bac ar SBBSanna a tháirgeadh agus a úsáid san earnáil phríobháideach, in ainneoin **gur lú** na rioscaí a ghabhann le SBBSanna **ná na rioscaí sin** a bhaineann le **cineálacha eile d'urrúsuithe**. **Tá rioscaí áirithe, áfach, amhail rioscaí trádstórais nó iompraíocht chalaioiseach ag foireann SPE, fós i réim**. Dá bhrí sin, ba cheart SBBSanna a chur faoi réir creat rialála lena dtugtar aird níos fearr ar na tréithe agus na hairíonna atá acu ionas gur féidir leo teacht chun cinn sa mhargadh.
- (2a) **Mar urrúsuithe, tá neamhchosaint ag SBBSanna ar shainrioscaí táirge atá nasctha le SPE, ar eintíteas ann féin é atá scartha go dlíthiúil agus a cuireadh ar bun chun SBBSanna a eisiúint. Beidh tráinse céadchailteanais lasmuigh den chóras baincéireachta lárnach chun an fáinne fí idir na bainc agus fiachas ceannasach a laghdú. Dá bhrí sin, ba cheart an chóir rialála fhabhrach a thugtar do shócmhainní foluitech SBBS a leathnú amach chuig sealbhaíochtaí bainc ar thráinse sinsearach SBBS.**
- (3) Cuid den obair atá á déanamh ag an gCoimisiún chun rioscaí do chobhsaíocht airgeadais a laghdú agus bogadh i dtreo an tAontas Baincéireachta a chur i gcrích is ea forbairt SBBSanna atá faoi thionchar an mhargaidh a chumasú. D'fhéadfadh SBBSanna tacú le punanna a éagsúlú tuilleadh san earnáil baincéireachta agus foinse nua comhthaobhachta ardchaighdeán a chruthú ag an am céanna, rud atá oiriúnach go háirithe lena húsáid in idirbhearta airgeadais trasteorann **chomh maith le gníomhaíochtaí na mbanc ceannais san Eorachóras agus le gníomhaíochtaí na gcontrapháirtithe lárnacha**. Thairis sin, trí SBBSanna a chumasú, d'fhéadfaí méadú a dhéanamh ar an líon ionstraimí atá ar fáil d'infheistíocht trasteorann agus do chomhroinnt riosca **san earnáil phríobháideach**, rud a chuirfeadh leis an obair atá á déanamh ag an gCoimisiún chun **an tAontas Baincéireachta a thabhairt i gcrích agus** margaí caipitil na hEorpa a dhoimhniú agus a chomhtháthú tuilleadh i gcomhthéacs Aontas na Margaí Caipitil.
- (4) Níl aon fhrithpháirtiú rioscaí agus cailteanas i measc na mBallstát i gceist le SBBSanna toisc nach ndéanfaidh na Ballstáit a ndliteanais faoi seach a ráthú ar bhonn frithpháirteach laistigh de phunann bannaí ceannasacha fholuitech na SBBSanna. Ní gá an chóir rialála reatha a thugtar do neamhchosaintí ceannasacha a athrú ach oiread chun SBBSanna a chumasú.

- (5) Chun éagsúlú riosca geografach a bhaint amach laistigh den Aontas Baincéireachta agus den mhargadh inmheánach, ba cheart go mbeadh punann fholuiteach na SBBSanna comhdhéanta de bhannaí ceannasacha na mBallstát sin a bhfuil an euro mar airgeadra acu. Chun rioscaí airgeadra a sheachaint, níor cheart ach bannaí ceannasacha atá sloinnte in euro arna n-eisiúint ag Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu a cheadú lena n-áireamh i bpunann fholuiteach na SBBSanna. Chun a áirithiú go rannchuideoidh na bannaí ceannasacha de chuid gach Ballstáit den limistéar euro le SBBSanna a tháirgeadh ar bhealach atá ar aon dul leis an leas atá ag gach Ballstát ar leith i gcobhsaíocht an limistéir euro ina iomláine, ba cheart ualach coibhneasta na mbannaí ceannasacha náisiúnta i bpunann fholuiteach na SBBSanna a bheith an-chóngarach d'ualach coibhneasta na mBallstát faoi seach sa scála le haghaidh shuibscríobh chaipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh do bhanc ceannais náisiúnta na mBallstát.
- (6) Chun sócmhainn ísealriosca ardchaighdeáin a sholáthar agus chun freastal ag an am céanna ar na leibhéil dhifriúla fonn riosca atá ar infheisteoirí, ba cheart eisiúint SBBSanna a bheith comhdhéanta de thráinse sinsearach agus de thráinse fo-ordaithe amháin nó níos mó. Ba cheart go ndéanfaidh an tráinse sinsearach, atá comhfhreagrach do sheachtó faoin gcéad de luach ainmniúil na heisiúna SBBS, ráta cailteanais ionchasaigh na heisiúna a choinneáil ar aon dul le ráta cailteanais ionchasaigh na mbannaí ceannasacha is sábháilte sa limistéar euro, agus aird á tabhairt ar riosca agus comhghaol na mbannaí ceannasacha atá i bpunann fholuiteach bannaí ceannasacha na SBBSanna. Ba cheart do na tráinsí fo-ordaithe cosaint a thabhairt don tráinse sinsearach. **Chun an riosca don tráinse sóisearach (arb é an chéad tráinse a iompróidh cailteanais é) a theorannú, ba cheart luach ainmniúil an tráinse shóisearaigh a bheith ag 5 faoin gcéad ar a laghad de luach ainmniúil gan íoc na heisiúna SBBSanna ar fad. *I bhfianaise chastacht ar leith an táirge, níor cheart éadáil ag tomhaltóirí miondíola a mheas ach amháin le haghaidh tráinsí sinsearacha agus gan amhlaidh a dhéanamh le haghaidh tráinsí sóisearacha.***
- (7) Chun sláine aon eisiúna SBBS a áirithiú agus chun na rioscaí a bhaineann le sealbhú agus bainistiú na punainne foluití bannaí ceannasacha a theorannú a mhéid is féidir, ba cheart go mbeadh aibíochtaí bannaí ceannasacha foluiteacha ailínithe go dlúth le haibíocht na SBBSanna agus ba cheart go mbeadh comhdhéanamh na punainne foluití bannaí ceannasacha seasta ar feadh shaolré iomlán na SBBSanna.
- (8) De bharr chomhdhéanamh caighdeánaithe phunann fholuiteach aon SBBSanna, d'fhéadfadh sé a bheith deacair SBBS a eisiúint nó go gcuirfí bac ar SBBS a eisiúint i gcás nach bhfuil na bannaí ceannasacha de chuid Ballstáit amháin nó níos mó ar fáil ar an margadh. Ar an gcúis sin, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann bannaí ceannasacha de chuid Ballstáit ar leith a eisiamh ó eisiúintí SBBSanna amach anseo i gcás ina bhfuil eisiúint bannaí ceannasacha ag an mBallstát sin teoranta go suntasach, agus fad atá eisiúint bannaí ceannasacha ag an mBallstát sin teoranta go suntasach, mar gheall ar ghá laghdaithe le fiachas poiblí nó mar gheall ar rochtain lagaithe ar an margadh.
- (9) Chun a áirithiú go mbeidh SBBSanna aonchineálach a ndóthain, níor cheart eisiamh na mbannaí ceannasacha de chuid Ballstáit ar leith ón bpunann fholuiteach bannaí ceannasacha ná ath-chomhtháthú na mbannaí ceannasacha de chuid Ballstáit ar leith

isteach sa phunann fholuitechanna bannaí ceannasacha a cheadú ach amháin tar éis cinneadh ón gCoimisiún, rud a áiríteoidh go mbeidh an t-aon phunann fholuitechanna bannaí ceannasacha amháin ag na SBBSanna go léir a eisítear ag an aon am amháin. *Is táirgí nua iad SBBSanna agus, chun leanúnachas a n-eisiúna ar an margadh a áirithiú, tá údar cuí le sásra cinnteoireachta tráthúil a bheith ann chun punann fholuitechanna SBBSanna a choigeartú sa chás nach bhfuil rochtain ar an margadh ar fáil a thuilleadh ag Ballstát. Sa bhreis air sin, tá ábhair bhuartha ardaithe ag tráchtairí agus geallsealbhóirí i dtaobh an fhéidearthacht a bheith ann go mbeadh tionchair dhiúltacha ar leachtacht na margadí le haghaidh bannaí rialtais foluitechanna agus ba cheart a bheith dáiríre faoi na hábhair bhuartha sin. Chuige sin, déantar, leis an Rialachán seo, dualgas faireacháin na margadí do SBBSanna agus faireachán na mbannaí rialtais foluitechanna le haghaidh comharthaí de shuaitheadh a shannadh don Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margadí) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ (ÚEUM).*

- (9a) *Ar bhonn barúlacha ó ÚEUM agus bunaithe ar a dtuarascálacha, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú chun sainmhíniú soiléir a thabhairt ar “leachtacht an mhargaidh” agus modh a leagan síos lena ríomh, chomh maith lena chinneadh, cad iad na critéir a bheadh ag ÚEUM chun a mheas an bhfuil rochtain a thuilleadh ar an margadh ag Ballstát chun críocha an Rialacháin seo. Ba cheart go mbeadh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe den sórt sin a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar na doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.*
- (10) Féadfar méid sheasta an tráinse shinsearaigh de gach eisiúint SBBS a laghdú le haghaidh eisiúintí SBBSanna amach anseo i gcás inarb amhlaidh, de bharr forbairtí díobhálacha margaidh a chuireann isteach go mór ar fheidhmiú na margadí fiachais cheannasaigh i mBallstát nó san Aontas, go mbeidh méid níos lú ag teastáil chun leanúint le hardcháilíocht chreidmheasa agus ísealriosca a áirithiú don tráinse sinsearach. Nuair a thagann forbairtí díobhálacha margaidh den sórt sin chun deiridh, ba cheart méid an tráinse shinsearaigh a thabhairt ar ais go dtí na luach tosaigh, is é sin, seachtó faoin gcéad, le haghaidh eisiúintí SBBSanna amach anseo. █
- (11) Ba cheart infheisteoirí a chosaint *a mhéid is féidir* ar riosca dócmhainneachta na hinstiúide a fhaigheann na bannaí ceannasacha (‘an ceannaitheoir bunaidh’) chun críocha punann fholuitechanna na SBBSanna a chur le chéile. Ar an gcúis sin, is eintitis shainchuspóireacha (SPEnna) a bhfuil sé de chúram eisiach orthu SBBSanna a eisiúint agus a bhainistiú agus nach dtugann faoi aon ghníomhaíochtaí eile, amhail creidmheas a sholáthar, agus iadsan amháin, ba cheart a cheadú chun SBBSanna a eisiúint. Is ar an gcúis chéanna sin ba cheart SPEnna a chur faoi réir diancheanglais leithscartha sócmhainní.

⁵ *Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margadí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).*

- (12) Chun aisioncronachtaí aibíochta beaga a bhainistiú sa tréimhse ama idir an tráth a fhaightear na fáltais ó fhónamh d'fhiachas ar an bpunann fholuiteach agus an dáta a foictar na fáltais sin amach le hinfheisteoirí in SBBSanna, níor cheart cead a thabhairt do SPEnna na fáltais ón bhfónamh d'fhiachas ar phunann fholuiteach bannaí ceannasacha na SBBSanna a infheistiú ach amháin in airgead tirim agus in ionstraimí airgeadais fíorleachtacha lena mbaineann ísealriosa margaidh agus creidmheasa.
- (12a) *Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go dtugtar an chóir chéanna do shealbhaíochtaí bannaí ceannasacha ag SPEnna agus a thugtar d'aon shealbhaíochtaí eile ar an mbanna ceannasach céanna nó do bhannaí ceannasacha eile a eisítear leis na téarmaí céanna.*
- (13) Is do tháirgí a chomhlíonann na ceanglais a bhaineann le comhdhéanamh agus aibíocht na punainne foluití **agus** le méid na dtráinsí sinsearachacha agus na dtráinsí fo-ordaithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo, **agus a bhfuil a n-eisiúint ag comhlíonadh an chórais maoirseachta,** agus iadsan amháin, ba cheart an chóir rialála **dá bhforáiltear sa Rialachán seo a thabhairt.**
- (14) Ba cheart go ndéanfaidh chóras **deimhniúcháin ag ÚEUM** a áirithiú go gcomhlíonann eisiúint SBBSanna ceanglais an Rialacháin seo. Dá bhrí sin, ba cheart do ÚEUM liosta a choimeád de na SBBSanna **deimhnithe**, rud a chumasódh d'infheisteoirí a fhíorú an amhlaidh gur SBBS go deimhin é aon táirge a thairgtear lena dhíol mar SBBS. Ar an gcúis chéanna, ba cheart do ÚEUM a léiriú sa liosta sin má forchuireadh aon smachtbhanna i leith SBBS agus ba cheart dó aon táirgí a bhfaightear amach ina dtaobh go sáraíonn siad an Rialachán seo a bhaint den liosta.
- (15) Ba cheart d'infheisteoirí a bheith in ann brath ar **dheimhniú** SBBSanna ag ÚEUM agus ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn SPEnna. Leis an bhfaisnéis faoi SBBSanna agus faoi na bannaí ceannasacha atá i bpunann fholuiteach na SBBSanna, ba cheart infheisteoirí a chumhachtú chun idirbhearta SBBSanna a thuiscint, a mheasúnú agus a chur i gcomparáid lena chéile agus gan a bheith ag brath go huile agus go hiomlán ar thríú páirtithe, lena n-áirítear gníomhaireachtaí rátála creidmheasa. De bharr na féidearthachta sin ba cheart go gcuirfí ar chumas infheisteoirí gníomhú go stuama agus a ndícheall cuí a fheidhmiú go héifeachtúil. Dá bhrí sin, ba cheart faisnéis faoi SBBSanna a bheith ar fáil go réidh d'infheisteoirí, trí theimpléid chaighdeánaithe, ar shuíomh gréasáin lena n-áirithítear inrochtaineacht leanúnach.
- (16) Chun drochíompraíocht a chosc agus chun a áirithiú go gcoimeádfar muinín as SBBSanna, ba cheart do **ÚEUM** foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí riaracháin iomchuí agus maidir le bearta feabhais iomchuí i gcás sáruithe faillíochacha nó sáruithe d'aon ghnó ar na ceanglais maidir le fógra a thabhairt nó na ceanglais táirge le haghaidh SBBSanna.
- (17) Ba cheart d'infheisteoirí in earnálacha airgeadais éagsúla a bheith in ann infheistiú in SBBSanna faoi na coinníollacha céanna leo sin faoina n-infheistíonn siad sna bannaí ceannasacha foluiteacha de chuid an limistéir euro **seachas i gcás infheistíochtaí i sealbhaíochtaí tráinsí fo-ordaithe SBBS ag bainc.** Ba cheart Treoir 2009/65/CE ó

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶, Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷, Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸ agus Treoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹ a leasú, dá bhrí sin, chun a áirithiú go dtabharfar do SBBSanna an chóir rialála chéanna a thugtar dá sócmhainní foluiteacha ar fud na n-earnálacha airgeadais rialáilte éagsúla.

- (18) Chun cobhsaíocht airgeadais a chosaint, muinín infheisteoirí a áirithiú agus leachtacht a chur chun cinn, tá sé tábhachtach go ndéantar maoirseacht chuí éifeachtach ar mhargaí SBBSanna. Chuige sin, ba cheart **ÚEUM** a chur ar an eolas i dtaobh eisiúint SBBSanna agus ba cheart dó an fhaisnéis ábhartha ar fad a theastaíonn **uaidh** chun a **chúraití** maoirseachta a chur i gcrích a fháil ó SPEnna. Ba cheart maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo go príomha chun cosaint infheisteoirí a áirithiú agus, i gcás inarb infheidhme, ba cheart maoirseacht a dhéanamh ar ghnéithe a d'fhéadfadh a bheith bainteach le heisiúint agus sealbhú SBBSanna ag eintitis airgeadais rialáilte.
- (19) Ba cheart d'údaráis inniúla **náisiúnta na n-eintiteas atá páirteach in SBBSanna a chur le chéile nó atá páirteach i margadh SBBS agus do ÚEUM** a gcuid gníomhaíochtaí maoirseachta a chomhordú go dlúth le chéile agus ba cheart dóibh a áirithiú go mbíonn a gcuid cinntí comhsheasmhach. ■
- (20) Ós rud é gur táirgí nua iad SBBSanna, **nach feasach cad iad na héifeachtaí a bheidh acu ar na margáí d'urrúis fiachais cheannasacha fholuiteacha**, is iomchuí go ndéanfaidh an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) agus na húdaráis inniúla agus ainmnithe náisiúnta le haghaidh ionstraimí macrastuamachta formhaoirseacht ar an margadh SBBSanna. **Chuige sin, ba cheart do BERS leas a bhaint as na cumhachtaí a thugtar dó faoi Rialacháin (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰ agus, más iomchuí, ba cheart dó rabhaidh a eisiúint agus moltaí le haghaidh gníomhaíochtaí leighis a dhéanamh leis na húdaráis inniúla.**

⁶ Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú na bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe (GCUInna) (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).

⁷ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipítíl) (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

⁸ Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó Árachais agus Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1).

⁹ Treoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le gníomhaíochtaí agus maoirsiú institiúidí um chóir ar scor ceirde (IORPanna) (IO L 354, 23.12.2016, lch. 37).

¹⁰ **Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (IO L 331, 15.12.2010, lch. 1).**

- (21) Ós rud é gur comhlacht é a bhfuil saineolas an-speisialaithe aige ar mhargaí urrús, is iomchuí a chur de chúram ar ÚEUM forbairt a dhéanamh ar dhréachtchaighdeáin theicniúla rialála maidir leis na cineálacha infheistíochta a fhéadfaidh an SPE a dhéanamh leis na fáiltais ó íocaíochtaí príomhshuime nó íocaíochtaí úis ar phunann fholuiteach na SBBSanna, maidir leis an bhfaisnéis a sholáthróidh an SPE le haghaidh fógra *agus deimhniú* a thabhairt do ÚEUM faoi eisiúintí SBBSanna a eisiúint, maidir leis an bhfaisnéis a sholáthrófar sula n-aistreofar SBBS, agus maidir leis na hoibleagáidí comhair agus malartaithe faisnéise atá ar údaráis inniúla. Ba cheart an Coimisiún a chumhachtú chun na caighdeáin sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') agus i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.
- (22) Ba cheart an Coimisiún a chumhachtú freisin chun caighdeáin theicniúla chur chun feidhme a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 291 CFAE agus i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 i ndáil leis na ceanglais maidir le fógra a thabhairt atá ar SPEnna sula ndéantar SBBSanna a eisiúint.
- (23) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun a chinneadh ar cheart na bannaí ceannasacha de chuid Ballstáit ar leith a bhaint de phunann fholuiteach na SBBSanna nó ar cheart iad a áireamh inti agus chun a chinneadh ar cheart méid an tráinse shinsearaigh le haghaidh eisiúintí SBBSanna amach anseo a athrú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹.
- (24) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon creat a leagan síos le haghaidh SBBSanna, a ghnóthú go leordhóthanach, i bhfianaise go bhfuil teacht chun cinn aon mhargaidh SBBSanna ag brath ar dheireadh a chur le bacainní a eascraíonn as cur i bhfeidhm reachtaíocht an Aontais agus nach féidir cothrom iomaíochta sa mhargadh inmheánach do gach infheisteoir institiúideach agus do gach eintiteas atá ag gabháil do SBBSanna a oibriú, agus gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpaigh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú,

¹¹ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Caibidil 1 Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

Airteagal 1 Ábhar

Leagtar síos leis an Rialachán seo creat ginearálta le haghaidh urrúis de bhun bannaí ceannasacha (SBBSanna).

Airteagal 2 Raon Feidhme

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le ceannaitheoirí bunaidh, le heintitis shainchuspóireacha, le hinfheisteoirí agus le haon eintiteas eile a bhfuil baint aige le SBBSanna a eisiúint nó a shealbhú.

Airteagal 3 Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘údarás inniúil’ údarás poiblí nó comhlacht atá aitheanta go hoifigiúil ag an dlí náisiúnta agus a dtugtar de chumhacht dó leis an dlí náisiúnta nó le dlí an Aontais na cúraimí a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh;
- (2) ciallaíonn ‘banna ceannasach’ aon ionstraim fiachais arna heisiúint ag an rialtas láir de chuid Ballstáit, atá sloinnte agus cistithe in airgeadra intíre an Bhallstáit sin agus a bhfuil aibíocht bhunaidh de bhliain amháin nó níos mó aici;
- (3) ciallaíonn ‘urrús de bhun bannaí ceannasacha’ nó ‘SBBS’ ionstraim airgeadais atá sloinnte in euro, a mbaineann a riosca creidmheasa leis na neamhchosaintí ar phunann bannaí ceannasacha agus a chomhlíonann an Rialachán seo;
- (4) ciallaíonn ‘eintiteas sainchuspóireach’ nó ‘SPE’ duine dlítheanach, nach é an ceannaitheoir bunaidh é, a eisiúint SBBSanna agus a dhéanann na gníomhaíochtaí i dtaca leis an bpunann fholuiteach bannaí ceannasacha i gcomhréir le hAirteagal 7 agus Airteagal 8 den Rialachán seo;
- (5) ciallaíonn ‘ceannaitheoir bunaidh’ duine dlítheanach a cheannaíonn bannaí ceannasacha ar a chuntas féin agus a aistríonn na bannaí ceannasacha sin chuig SPE ina dhiaidh sin chun SBBSanna a eisiúint;
- (6) ciallaíonn ‘infheisteoir’ duine nádúrtha nó dlítheanach a shealbháíonn SBBS;
- (7) ciallaíonn ‘tráinse’ deighleog, arna bunú de réir conartha, den riosca creidmheasa atá bainteach le punann fholuiteach bannaí ceannasacha na SBBSanna agus a iompraíonn

riosca go gcaillfear méid creidmheasa atá níos mó nó níos lú ná suíomh den mhéid chéanna i ndeighleog eile den riosca creidmheasa sin;

- (8) ciallaíonn ‘tráinse sinsearach’ an tráinse laistigh d’eisiúint SBBSanna a iompraíonn caillteanais tar éis do gach ceann de na tráinsí fo-ordaithe den eisiúint SBBS sin caillteanais a iompar;
- (9) ciallaíonn ‘tráinse fo-ordaithe’ aon tráinse laistigh d’eisiúint SBBSanna a iompraíonn caillteanais roimh an tráinse sinsearach;
- (10) ciallaíonn ‘tráinse sóisearach’ an tráinse laistigh d’eisiúint SBBSanna a iompraíonn caillteanais roimh aon tráinse eile.

Caibidil 2 Comhdhéanamh, aibíocht agus struchtúr SBBSanna

Airteagal 4 Comhdhéanamh na punainne foluití

1. Beidh punann fholuiteach aon eisiúna SBBSanna comhdhéanta de na nithe seo a leanas, agus iadsan amháin:
 - (a) bannaí ceannasacha ó Bhallstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu;
 - (b) na fáltais ó fhuascailt na mbannaí ceannasacha sin.
2. Beidh ualach na mbannaí ceannasacha de chuid gach Ballstáit laistigh de phunann fholuiteach SBBSanna (‘ualach bonnlíne’) cothrom le hualach coibhneasta na ranníocaíochta ón mBallstát sin leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) i gcomhréir leis an scála le haghaidh shuibscríobh chaipiteal íoctha isteach BCE ag baine cheannais náisiúnta na mBallstát, mar a leagtar síos in Airteagal 29 den Phrótocal maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh atá san iarscríbhinn a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Féadfaidh SPEnna, áfach, diall faoi **dheich** faoin gcéad ar a mhéad ó luach ainmniúil bannaí ceannasacha gach Ballstáit, ar luach é a thagann as an ualach bonnlíne a chur i bhfeidhm.
3. ***Tar éis an chéad SBBS a bheith deimhnithe, déanfaidh ÚEUM, gan moill mhíchuí, tús a chur le faireachán agus measúnú leanúnach féachaint an*** bhfuil ceann ar bith de na cásanna seo a leanas ann:
 - (a) thar an dá mhí dhéag roimhe sin (an ‘tréimhse thagartha’), d’eisigh an Ballstát níos lú ná leath mhéid na mbannaí ceannasacha a d’eascair as a ualach coibhneasta arna chinneadh i gcomhréir le mír 2, arna iolrú faoi mhéid comhiomlán na SBBSanna a eisíodh sa dá mhí dhéag roimh an tréimhse thagartha;

- (aa) *bhí tionchar diúltach suntasach ar leachtacht margaidh bhannaí ceannais Ballstáit atá sa phunann fholuiteach ag eisiúint an SBBS;*
- (b) *thar an dá mhí dhéag roimhe sin, mhaoinigh an Ballstát leath a gceanglas cistiúcháin bliantúil ar a laghad trí chúnadh airgeadais oifigiúil chun tacú le clár coigeartaithe maicreacnamaíoch a chur chun feidhme mar a shonraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 472/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹², nó ar chúis éigin níl rochtain ar an margadh ag an mBallstát a thuilleadh.*

Chun críocha phointe (aa) den chéad fhomhír, déanfar “leachtacht margaidh” a chinneadh trína chur san áireamh, mar chritéir íosta, an fhianaise de leithead agus doimhneas an mhargadh sna trí mhí roimhe sin de réir mar a mbeidh cruthúnas ann dó le haon tairiscint agus atairiscint íseal, toilleadh ard trádála agus líon mór agus éagsúil rannpháirtithe sa mhargadh.

Chun críocha phointe (aa) den chéad fhomhír, déanfaidh an Coimisiún faoin ... [6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a chun sainmhíniú soiléir agus modh ríofa do “leachtacht margaidh” a thabhairt chun críocha an Rialacháin seo.

Chun críocha phointe (aa) den chéad fhomhír, déanfaidh an Coimisiún faoin ... [6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí chritéir a chinneadh lena ndéanfaidh ÚEUM a mheasúnú cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil rochtain a thuilleadh ag Ballstát ar an margadh.

- 3a. *Déanfaidh ÚEUM, ar bhonn leanúnach, faireachán agus measúnú féachaint an é nach bhfuil rochtain ar an margadh a thuilleadh ag Ballstát a bhfuil a chuid bannaí ceannasacha i bpunann fholuiteach SBBS nó an ndeachaidh an Ballstát sin i gclár coigeartaithe maicreacnamaíochta, an raibh tionchar diúltach suntasach ag eisiúint SBBS ar leachtacht an mhargaidh agus cibé i dtaobh ualái bonnlíne Ballstáit a bhfuil fáil theoranta ar bhannaí ceannais acu an bhfuiltear ag cur as d’eisiúint SBBSanna nua, nó an bhfuil deireadh tagtha le haon ceann de na staideanna sin.*

Más rud é go bhfaigheann ÚEUM, i gcomhchomhairle le BERS, go bhfuil feidhm ag staid dá dtagraítear i bpointe (a) nó (aa) den chéad fhomhír de mhír 3, féadfaidh sé a iarraidh ar an gCoimisiún ualái bonnlíne bhannaí an Bhallstáit atá sa phunann fholuiteach a choigeartú.

Más rud é go bhfaigheann ÚEUM, i gcomhchomhairle le BERS, go bhfuil feidhm ag staid dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír de mhír 3, féadfaidh sé a

¹² Rialachán (AE) Uimh. 472/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le neartú ar an bhfaireachas eacnamaíoch agus buiséadach ar Bhallstáit sa limistéar euro a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais (IO L 140, 27.5.2013, lch. 1).

iarraidh ar an gCoimisiún an Ballstát a eisiamh ó phunann fholuiteach SBBS nó ualaí bonnlíne bhannaí an Bhallstáit atá sa phunann fholuiteach a choigeartú.

Más rud é go bhfaigheann ÚEUM, i gcomhchomhairle le BERS, go bhfuil deireadh tagtha le staid dá dtagraítear i bpointí (a) go (b) den chéad fhomhír de mhír 3, féadfaidh sé a iarraidh ar an gCoimisiún bannaí an Bhallstáit a chur isteach arís i bpunann fholuiteach SBBS agus ualaí bonnlíne bhannaí an Bhallstáit atá sa phunann fholuiteach a choigeartú.

Laistigh de 48 n-uair an chloig ón iarraidh dá dtagraítear sa dara, tríú agus ceathrú fhomhír, agus bunaithe ar na cúiseanna agus ar an bhfianaise a sholáthróidh ÚEUM, déanfaidh an Coimisiún ceann de na nithe seo a leanas:

- (a) glacfaidh sé gníomh cur chun feidhme a dhéanann bannaí ceannasacha Ballstáit a eisiamh ó phunann fholuiteach an SBBS nó déanfaidh sé ualaí bonnlíne na mBallstát ábhartha a choigeartú;*
- (b) glacfaidh sé gníomh cur chun feidhme lena ndiúltaítear d'eisiamh nó coigeartú ualaí bonnlíne na mBallstát ábhartha; nó*
- (c) glacfaidh sé gníomh cur chun feidhme lena ndéantar bannaí an Bhallstáit a cur isteach arís i bpunann fholuiteach SBBS, lena gcoigeartaítear ualaí bonnlíne bhannaí an Bhallstáit atá sa phunann fholuiteach de réir mar is iomchuí.*

3b. Aon ghníomh cur chun feidhme a ghlactar de bhun mhír 3a den Airteagal seo, déanfar é a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 26(2).

I gcás ina ndéantar Ballstát a eisiamh ó phunann fholuiteach SBBS, ag leanúint as gníomh cur chun feidhme faoi mhír 3a, déanfar ualaí bonnlíne bhannaí ceannasacha na mBallstát eile a chinneadh trí bhannaí ceannasach an Bhallstáit dá dtagraítear i mír 3a a eisiamh agus an modh ríofa a leagtar amach i mír 2 a chur i bhfeidhm. I gcás ina mbeidh feidhm ag gníomh cur chun feidhme faoi mhír 3a agus go ndéantar ualaí bonnlíne a choigeartú, déanfar na hualaí bonnlíne a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an ngníomh cur chun feidhme.

Beidh an t-eisiamh nó an coigeartú bailí ar feadh tréimhse tosaigh d'aon mhí amháin. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhchomhairle le ÚEUM, eisiamh nó coigeartú na n-ualaí bonnlíne dá dtagraítear san Airteagal seo a fhadú ar feadh tréimhsí breise d'aon mhí amháin trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. I gcás nach ndéantar an t-eisiamh nó coigeartú a athnuachan faoi dheireadh na tréimhse tosaigh nó faoi dheireadh aon tréimhse athnuachana ina dhiaidh sin, rachaidh sé in éag go huathoibríoch.

3c. Déanfar BCE a chur ar an eolas ar mhodh tráthúil i dtaobh aon chinneadh a ghlactar de bhun mhíreanna 3a agus 3b.

Airteagal 5
Aibíocht na sócmhainní foluiteacha

1. Beidh an t-aon dáta aibíochta bunaidh amháin ag tráinsí SBBSanna atá mar chuid den aon eisiúint amháin. Beidh an dáta aibíochta sin cothrom le haibíocht iarmhair an bhanna cheannasaigh a bhfuil an aibíocht iarmhair is faide aige laistigh den phunann fholuiteach, nó suas le lá amháin níos faide ná sin.
2. Ní bheidh aibíocht iarmhair aon bhanna cheannasaigh i bpunann fholuiteach SBBSanna *níos mó ná* sé mhí níos giorra ná aibíocht iarmhair an bhanna cheannasaigh a bhfuil an aibíocht iarmhair is faide aige laistigh den phunann sin.

Airteagal 6
Struchtúr na dtráinsí, íocaíocht agus cailteanas

1. Beidh eisiúint SBBSanna comhdhéanta d'aon tráinse sinsearach amháin agus de thráinse fo-ordaithe amháin nó níos mó. Beidh luach ainmniúil gan íoc an tráinse shinsearaigh cothrom le seachtó faoin gcéad de luach ainmniúil gan íoc na heisiúna SBBSanna ar fad. Is é an SPE a chinnfidh an líon tráinsí fo-ordaithe agus a luachanna ainmniúla gan íoc, faoi réir na teorann a fhágann go mbeidh luach ainmniúil an tráinse shóisearaigh ag *cúig* faoin gcéad ar a laghad de luach ainmniúil gan íoc na heisiúna SBBSanna ar fad.
2. I gcás ina gcuireann forbairtí díobhálacha isteach go mór ar fheidhmiú margai fiachais cheannasaigh i mBallstát nó san Aontas, agus i gcás ina mbeidh an cur isteach sin deimhnithe ag an gCoimisiún i gcomhréir le mír 4, laghdóidh SPEnna luach ainmniúil gan íoc an tráinse shinsearaigh go seasca faoin gcéad le haghaidh aon eisiúna SBBSanna arna heisiúint tar éis an deimhniú sin a thabhairt.

I gcás ina mbeidh sé deimhnithe ag an gCoimisiún, i gcomhréir le mír 4, nach ann don chur isteach sin a thuilleadh, beidh feidhm ag mír 1 maidir leis na heisiúintí SBBSanna ar fad arna n-eisiúint tar éis an deimhniú sin a thabhairt.
3. Déanfaidh ÚEUM faireachán agus measúnú féachaint an bhfuil an cás dá dtagraítear i mír 2 ann nó ar scoir sé de bheith ann agus tabharfaidh sé eolas don Choimisiún dá réir.
4. Féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena ndeimhnítear go bhfuil an cur isteach dá dtagraítear i mír 2 ann nó gur scoir sé de bheith ann. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 26(2).
5. Beidh íocaíochtaí faoi SBBS spleách ar íocaíochtaí na punainne foluití bannaí ceannasacha.
6. Cinnfear dáileadh na gcaillteanas agus ord na n-íocaíochtaí de réir thráinse na heisiúna SBBSanna agus beidh siad seasta ar fud shaolré iomlán na heisiúna SBBSanna.

Déanfar caillteanais a aithint agus a shannadh de réir mar a thagann siad chun cinn.

Airteagal 7 Eisiúint SBBSanna agus na hoibleagáidí ar SPEnna

1. Comhlíonfaidh SPEnna gach ceann de na ceanglais seo a leanas:
 - (a) tá siad bunaithe san Aontas;
 - (b) tá a gcuid gníomhaíochtaí teoranta d'eisiúintí SBBSanna a eisiúint agus a sheirbhísiú agus do bhainistiú a dhéanamh ar phunann fholuitech na n-eisiúintí sin i gcomhréir le hAirteagail 4, 5, 6 agus 8;
 - (c) tá freagracht aonair ar SPEnna as soláthar na seirbhísí agus na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b).

2. Beidh úinéireacht iomlán ag SPEnna ar phunann fholuitech eisiúna SBBSanna.

Beidh punann fholuitech eisiúna SBBSanna ina socrú comhthaobhachta airgeadais urrúis mar a shainmhínítear in Airteagal 2(c) de Threoir 2002/47/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³ lena ndaingnítear na hoibleagáidí airgeadais atá ar an SPE i leith infheisteoirí san eisiúint SBBSanna sin.

Maidir le SBBS atá in eisiúint shonrach SBBSanna a shealbhú, ní fhorálfar leis d'aon chearta ná éilimh ar na sócmhainní de chuid an SPE sin atá ag eisiúint na heisiúna SBBSanna sin, más sócmhainní iad atá lasmuigh de phunann fholuitech na heisiúna sin, agus ní fhorálfar leis ach oiread d'aon chearta ná éilimh i leith an ioncaim a ghintear as an SBBS sin a shealbhú.

Ní bheidh aon laghdú ar luach nó fáltais na punainne foluití bannaí ceannasacha ina chúis le héileamh dliteanais ó infheisteoirí.

3. Coinneoidh SPE taifid agus cuntais chun go ndéanfaidh sé na nithe seo:
 - (a) a shócmhainní dílse agus a acmhainní airgeadais a leithscaradh ó shócmhainní agus acmhainní airgeadais phunann fholuitech na heisiúna SBBSanna agus ó na fáltais ghaolmhara;
 - (b) punanna foluiteacha agus fáltais na n-eisiúintí éagsúla SBBSanna a leithscaradh óna chéile;
 - (c) na seasaimh atá ag infheisteoirí nó idirghabhálaithe éagsúla a leithscaradh óna chéile;
 - (d) a fhíorú gurb amhlaidh am ar bith gurb ionann an líon SBBSanna in aon eisiúint amháin agus iomlán na SBBSanna a shealbhaíonn na hinfeisteoirí nó idirghabhálaithe go léir san eisiúint sin;

¹³ Treoir 2002/47/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meitheamh 2002 maidir le socrúithe comhthaobhachta airgeadais (IO L 168, 27.6.2002, lch. 43).

- (e) a fhíorú gurb ionann luach ainmniúil gan íoc na SBBSanna atá in aon eisiúint amháin agus luach ainmniúil gan íoc phunann fholuitech bannaí ceannasacha na heisiúna sin.
4. Sealbhóidh SPEnna na bannaí ceannasacha dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) faoi choimeád, mar a cheadaítear faoi phointe (1) de Roinn B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴ agus pointe (2) de Roinn A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁵, agus ní dhéanfaidh siad amhlaidh ach amháin i mbainc cheannais, taisclanna lárnacha urrús, institiúidí creidmheasa údaraithe nó gnólachtaí infheistíochta údaraithe.
- 4a. ***Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go dtugtar an chóir chéanna do shealbhaíochtaí bannaí ceannasacha ag SPEnna agus a thugtar d'aon sealbhaíochtaí eile ar an mbanna ceannasach céanna nó do bhannaí ceannasacha eile a eisítear leis na téarmaí céanna.***

Airteagal 8 Beartas infheistíochta

1. Infheisteoidh SPE íocaíochtaí príomhshuime nó úis ó na bannaí ceannasacha dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) agus atá dlite roimh íocaíochtaí príomhshuime nó úis faoin SBBS, agus ní dhéanfaidh sé amhlaidh ach amháin in airgead tirim nó ***in ionstraimí atá coibhéiseach le hairgead tirim arna shloinneadh in euro atá incháilithe le haghaidh leachtú laistigh de lá amháin, gan ach éifeacht dhíobhálach an-bheag a imirt ar phraghsanna.***
- Sealbhóidh SPE na híocaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi choimeád, mar a cheadaítear faoi phointe (1) de Roinn B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE agus pointe (2) de Roinn A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, agus ní dhéanfaidh sé amhlaidh ach amháin i mbainc cheannais, taisclanna lárnacha urrús, institiúidí creidmheasa údaraithe nó gnólachtaí infheistíochta údaraithe.
2. Ní athróidh SPE punann fholuitech aon SBBS go dtí go dtagann an SBBS sin in aibíocht.
3. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrú tuilleadh na hionstraimí airgeadais is féidir a mheas a bheith ina n-ionstraimí fíorleachtacha lena mbaineann riosca íosta margaidh agus creidmheasa amháin dá dtagraítear i mír 1.

¹⁴ Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

¹⁵ Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257 28.8.2014, lch. 1).

Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Déantar an chumhacht chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh a tharmligean chuig an gCoimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Caibidil 3

Úsáid an ainmnithe ‘SBBS’, ceanglais maidir le fógra a thabhairt, agus ceanglais trédhearcachta agus faisnéise

Airteagal 9

Úsáid an ainmnithe ‘Urrús de bhun Bannaí Ceannasacha’

Ní úsáidfean an t-ainmniú ‘Urrús de bhun Bannaí Ceannasacha’ nó ‘SBBS’ ach amháin le haghaidh táirgí airgeadais a chomhlíonann gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) comhlíonann an táirge airgeadais Airteagal 4, Airteagal 5 agus Airteagal 6 ar bhonn leanúnach;
- (aa) comhlíonann SPE Airteagal 7 agus Airteagal 8 ar bhonn leanúnach;**
- (b) tá an táirge airgeadais sin **deimhnithe ag ÚEUM** i gcomhréir le hAirteagal 10(1) agus tá an táirge airgeadais curtha ar áireamh sa liosta dá dtagraítear in Airteagal 10(2).

Airteagal 10

Ceanglais maidir le fógra a thabhairt faoi SBBS

1. Déanfaidh SPE **iarratas ar eisiúint SBBS a dheimhniú a chur isteach trí** fhógra a thabhairt do ÚEUM seachtain amháin ar a laghad sula n-eiseofar eisiúint SBBSanna trí bhíthin an teimpléid dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo, á shonrú go gcomhlíonann eisiúint SBBSanna ceanglais Airteagal 4, Airteagal 5 agus Airteagal 6. Cuirfidh ÚEUM údarás inniúil an SPE ar an eolas faoi sin gan moill mhíchuí.
 - 1a. San fhógra dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo, beidh míniú ón SPE faoin gcaoi a ndearna sé gach ceann de na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 4, 5, 6, 7 agus 8 a chomhlíonadh.**
 - 1b. Déanfaidh ÚEUM an eisiúint SBBS a dheimhniú sa chás amháin gur lán-deimhin leis go bhfuil an SPE iarrthach agus an eisiúint SBBS ag comhlíonadh na gceanglas go léir a leagtar síos sa Rialachán seo. Déanfaidh ÚEUM a chur in iúl don SPE iarrthach, gan aon mhoill mhíchuí, cibé acu a ndearnadh an deimhniúchán a dheonú nó a dhiúltú.**
2. Coinneoidh ÚEUM, ar a shuíomh gréasáin oifigiúil, liosta de na heisiúintí SBBSanna go léir a bheidh **deimhnithe ag ÚEUM**. Déanfaidh ÚEUM an liosta sin a nuashonrú

láithreach agus bainfidh sé den liosta aon eisiúint SBBSanna nach meastar a bheith ina heisiúint SBBSanna a thuilleadh tar éis cinneadh ó *ÚEUM* i gcomhréir le hAirteagal 15.

3. **█** Déanfaidh *ÚEUM* a thabhairt le fios láithreach ar an liosta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo *má rinne sé* smachtbhannaí riaracháin *dá dtagraítear in Airteagal 16* a fhorchur nach bhfuil aon cheart achomhairc ann ina leith a thuilleadh, i dtaca leis an SBBS lena mbaineann.

3a. Déanfaidh *ÚEUM* an deimhniúchán d'eisiúint SBBS a tharraingt siar i gcás ina gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) *dhiúltaigh an SPE don deimhniúchán go sainráite nó níor bhain sé úsáid as laistigh de shé mhí tar éis an deimhniúchán a bheith deonaithe;*
- (b) *fuair an SPE an deimhniúchán trí ráitis bhréige a dhéanamh nó ar aon mhodhanna neamhrialta eile;*
- (c) *ní chomhlíonann an eisiúint SBBS a thuilleadh na coinníollacha faoinar deimhníodh í.*

Gabhfaidh éifeacht láithreach ar fud an Aontais le tarraingt siar an deimhniúcháin.

4. Forbróidh *ÚEUM* dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrú an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1.

Cuirfidh *ÚEUM* na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [6 mhí ó dháta teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Tugtar de chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

5. Forbróidh *ÚEUM* dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun na teimpléid a bhunú atá le húsáid le haghaidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar.

Cuirfidh *ÚEUM* na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [6 mhí ó dháta teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Tugtar de chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla chur chun feidhme dá dtagraítear sa mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 11 Ceanglais trédhearcachta

1. Déanfaidh SPE, gan moill mhíchúí, an fhaisnéis seo a leanas a thabhairt d'infheisteoirí agus do *ÚEUM*:

- (a) faisnéis faoin bpunann fholuiteach atá fíor-riachtanach chun a mheasúnú an gcomhlíonann an táirge airgeadais Airteagal 4, Airteagal 5 agus Airteagal 6;
- (b) tuairisc mhionsonraithe ar an tosaíocht íocaíochtaí atá ag baint le tráinsí na heisiúna SBBSanna;
- (c) más rud é nár dréachtaíodh aon réamheolaire sna cásanna a leagtar amach in Airteagail 1(4), 1(5) nó 3(2) de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁶, forléargas ar phríomhthréithe an SBBS, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, mionsonraí faoi na saintréithe neamhchosanta, na sreafaí airgeadais agus an chascáid cailteanais;
- (d) an fógra **agus an deimhniúchán** dá dtagraítear in Airteagal 10(1) **agus in Airteagal 10(1b) faoi seach**.

An fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo, déanfar í a chur ar fáil ar a dhéanaí aon mhí amháin tar éis an dáta dlite le haghaidh íocaíocht úis an SBBS.

2. Déanfaidh an SPE an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin:

- (a) a bhfuil córas rialaithe cáilíochta sonraí atá ag feidhmiú go maith aige;
- (b) atá faoi réir caighdeáin iomchuí rialachais agus a ndéantar é a chothabháil agus a oibriú i gcomhréir le struchtúr eagrúcháin lena n-áirítear leanúnachas agus feidhmiú rianúil an tsuímh gréasáin;
- (c) atá faoi réir córais, rialuithe agus nósanna imeachta lena saináithnítear gach foinse ábhartha riosca oibriúcháin;
- (d) ina n-áirítear córais a áiríonn cosaint agus sláine na faisnéise a fhaightear agus taifeadadh pras na faisnéise sin;
- (e) lena dtugtar an fhéidearthacht taifid den fhaisnéis a choinneáil go ceann cúig bliana ar a laghad tar éis dháta aibíochta gach eisiúna SBBSanna.

An fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus an suíomh a gcuirtear an fhaisnéis ar fáil, déanfaidh SPE iad a chur in iúl sna doiciméid a thugtar d'infheisteoirí maidir leis na SBBSanna.

Airteagal 12 Ceanglais faisnéise

1. Sula n-aistroidh sé SBBS, tabharfaidh an t-aistreoir an fhaisnéis seo a leanas ar fad don aistrí:

¹⁶ Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE (IO L 168, 30.6.2017, lch. 12).

- (a) an nós imeachta maidir le fáltais ón bpunann fholuiteach bannaí ceannasacha a leithdháileadh ar na tráinsí éagsúla den eisiúint SBBSanna, lena n-áirítear nuair atáthar ag súil le neamhíoc na sócmhainní foluiteacha nó tar éis an neamhíoca sin;
 - (b) an dóigh a sannfar d'infheisteoirí na cearta vótála ar thairiscint mhalartaithe nuair atáthar ag súil le neamhíoc aon bhannaí ceannasacha sa phunann fholuiteach nó tar éis an neamhíoca sin, agus an dóigh a leithdháilfear ar na tráinsí difriúla den eisiúint SBBSanna aon chaillteanais ó neamhíoc fiachais.
2. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrúfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1.

Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Déantar an chumhacht chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh a tharmligean chuig an gCoimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Caibidil 4

Formhaoirseacht ar tháirgí

Airteagal 13

Maoirseacht *ag ÚEUM*

1. *Is é ÚEUM* a bheidh *ina údarás* inniúil chun maoirseacht a dhéanamh ar a mhéid atá SPEnna ag comhlíonadh ceanglais an Rialacháin seo.
2. Beidh ag *ÚEUM* cumhachtaí maoirseachta, imscrúdaitheachta agus forchurtha smachtbhannaí chun a *chuid* dualgas faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.

Beidh sé de chumhacht *ag ÚEUM* na nithe seo a leanas a dhéanamh ar a laghad:

- (a) rochtain a iarraidh ar dhoiciméid ar bith i bhfoirm ar bith a mhéid a bhaineann siad le SBBSanna, agus cóip de na doiciméid sin a fháil nó a ghlacadh;
- (b) ceangal a chur ar an SPE faisnéis a thabhairt gan mhoill;
- (c) ceangal a chur ar aon duine a bhaineann le gníomhaíochtaí an SPE faisnéis a thabhairt;
- (d) cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh trí réamhfhógra a thabhairt nó gan réamhfhógra a thabhairt;
- (e) bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go leanfaidh SPE de bheith ag comhlíonadh an Rialacháin seo;

- (f) ordú a eisiúint chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh SPE an Rialachán seo agus go staonfaidh sé ó aon iompar a sháraíonn an Rialachán seo a dhéanamh.

Airteagal 14 Comhar idir údaráis inniúla agus ÚEUM

1. Comhoibreoidh údaráis inniúla **atá freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar eintitis a chuireann SBBSanna le chéile nó a bhíonn ar shlí eile ag gabháil de mhargadh SBBS** agus ÚEUM i ndlúthchomhar le chéile agus malartóidh siad faisnéis chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh. Go háirithe, déanfaidh siad a ngníomhaíochtaí maoirseachta a chomhordú go dlúth chun sárúithe ar an Rialachán seo a shainaithint agus a réiteach, dea-chleachtais a fhorbairt agus a chur chun cinn, comhoibriú a éascú, comhsheasmhacht maidir le léirmhíniú a chothú agus measúnuithe trasdlínse a thabhairt i gcás aon easaontuithe.

Chun úsáid chumhachtaí na n-údarás inniúil a éascú agus chun cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú comhsheasmhach na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo a áirithiú, gníomhóidh ÚEUM i gcomhréir leis na cumhachtaí a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

2. Aon údarás inniúil a bhfuil forais shoiléire agus inléirithe aige lena chreidiúint go bhfuil SPE ag sárú an Rialacháin seo, tabharfaidh sé eolas mionsonraithe go pras faoi sin do **ÚEUM**. Déanfaidh **ÚEUM** bearta iomchuí, lena n-áirítear an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 15
3. I gcás ina leanann an SPE ar aghaidh ag gníomhú ar bhealach atá ina shárú soiléir ar an Rialachán seo, in ainneoin go bhfuil bearta déanta ag **ÚEUM**, **féadfaidh ÚEUM** gach beart iomchuí a dhéanamh chun infheisteoirí a chosaint, lena n-áirítear cosc a chur ar an SPE ó SBBSanna a mhargú tuilleadh laistigh dá chríoch féin agus an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 15 a dhéanamh.

Airteagal 15 Mí-úsáid an ainmnithe ‘SBBS’

1. I gcás ina bhfuil cúiseanna ann lena chreidiúint gur bhain SPE i sárú ar Airteagal 9 úsáid as an ainmniú ‘SBBS’ chun táirge nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach san Airteagal sin a mhargú, leanfaidh **ÚEUM** an nós imeachta dá bhforáiltear i mír 2.
2. Laistigh de 15 lá tar éis dó fáil amach faoin sárú féideartha dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh **ÚEUM** cinneadh ar sáraíodh Airteagal 9 agus tabharfaidh sé fógra faoi sin do na húdaráis inniúla ábhartha eile, lena n-áirítear údaráis inniúla na n-infheisteoirí, nuair is eol dó cé hiad. **█**

I gcás ina **bhfaigheann ÚEUM** gur de mheon mhacánta a tharla an sárú a rinne an SPE agus a bhaineann le neamhchomhlíonadh Airteagal 9, féadfaidh **sé** tréimhse **d'aon mhí amháin** ar a mhéad a thabhairt don SPE chun an sárú a sainathnódh a réiteach, ar tréimhse í a thosóidh ar an lá a ndéanfaidh **ÚEUM** a chur in iúl don SPE gur tharla an sárú. Le linn na tréimhse sin, leanfar lena mheas gur SBBS é aon SBBS atá le feiceáil ar an liosta atá á choimeád ag ÚEUM de bhun Airteagal 10(2) agus coinneofar ar an liosta sin é.

3. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrú na hoibleagáidí comhair agus an fhaisnéis atá le malartú faoi mhír 1 agus mír 2.

Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Déantar an chumhacht chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear san fhomhír seo a ghlacadh a tharmligean chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 16

Bearta feabhais agus smachtbhannaí riaracháin

1. Gan dochar don cheart atá ag na Ballstáit smachtbhannaí coiriúla a leagan síos de bhun Airteagal 17, forchuirfidh **ÚEUM** ar an SPE nó ar an duine nádúrtha atá ag bainistiú an SPE na bearta feabhais iomchuí, lena n-áirítear an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 15, agus na smachtbhannaí riaracháin iomchuí a leagtar amach i mír 3, i gcás inarb amhlaidh i dtaobh SPEnna:
 - (a) gur mhainnigh siad na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 7 agus Airteagal 8 a chomhlíonadh;
 - (b) gur mhainnigh siad ceanglais Airteagal 9 a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás nár thug siad fógra do ÚEUM i gcomhréir le hAirteagal 10(1), nó inar thug siad fógra míthreorach;
 - (c) gur mhainnigh siad na ceanglais trédhearcachta a leagtar amach in Airteagal 11 a chomhlíonadh.
2. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad sna smachtbhannaí riaracháin dá dtagraítear i mír 1:
 - (a) ráiteas poiblí ina gcuirtear in iúl céannacht an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a rinne an sárú agus cineál an tsáraithe;
 - (b) ordú lena gceanglaítear ar an duine nádúrtha nó dlítheanach a rinne an sárú scor den iompar sin agus staonadh ón iompar sin a dhéanamh;
 - (c) cosc sealadach lena gcuirtear cosc ar aon chomhalta de chomhlacht bainistíochta an SPE nó ar aon duine nádúrtha eile a leagtar freagracht air as an sárú ó fheidhmeanna bainistíochta a fheidhmiú in SPEnna;

- (d) i gcás sárú dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1, cosc sealadach ar an SPE fógra dá dtagraítear in Airteagal 10(1) a thabhairt;
 - (e) smachtbhannaí riaracháin airgid ar luach EUR 5 000 000 ar a mhéad nó, i gcás Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu, an luach comhfhreagrach san airgeadra náisiúnta ar [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], nó 10 % de ghlanláimhdeachas bliantúil iomlán an SPE, mar a dheimhnítear sna cuntais is déanaí atá ar fáil agus formheasta ag comhlacht bainistíochta an SPE;
 - (f) smachtbhannaí riaracháin airgid ar luach dhá oiread mhéid an tsochair a baineadh as an sárú ar a mhéad i gcás inar féidir an sochar sin a dhéanamh amach, fiú i gcás inar mó an sochar ná na méideanna uasta dá dtagraítear i bpointe (e).
3. Agus cineál agus leibhéal na smachtbhannaí riaracháin á gcinneadh, cuirfidh **ÚEUM** san áireamh a mhéid a rinneadh an sárú d'aon ghnó nó a d'eascair sé as faillí, mar aon leis na himthosca ábhartha go léir, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, i gcás inarb iomchuí:
- (a) ábharthacht, tromchúis agus ré an tsáraithe;
 - (b) leibhéal freagrachta an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá freagrach as an sárú;
 - (c) láidreacht airgeadais an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá freagrach;
 - (d) tábhacht an bhrabúis a ghnóthaigh an duine nádúrtha nó dlítheanach nó tábhacht na gcaillteanas a sheachain sé, a mhéid is féidir an brabús nó na caillteanais sin a dhéanamh amach;
 - (e) na caillteanais do thríú páirtithe a d'eascair as an sárú;
 - (f) an leibhéal comhair a bhí ar bun idir an duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach agus an t-údarás inniúil;
 - (g) sárúithe eile a rinne an duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach roimhe sin.
4. Áiritheoidh **ÚEUM** go mbeidh aon chinneadh lena bhforchuirtear na bearta feabhais nó na smachtbhannaí riaracháin réasúnaithe go cuí agus go mbeidh sé faoi réir ceart achomhairc.

Airteagal 17

Idirghníomhú le smachtbhannaí coiriúla

Na Ballstáit a bhfuil smachtbhannaí coiriúla leagtha síos acu le haghaidh an tsáraithe dá dtagraítear in Airteagal 16(1), **ligfidh siad do ÚEUM** idirchaidreamh a dhéanamh leis na húdaráis bhreithiúnacha, ionchúisimh nó ceartais choiriúil laistigh dá ndlínse féin **agus** faisnéis shonrach a fháil ó údaráis inniúla **ábhartha** faoi imscrúduithe coiriúla nó imeachtaí coiriúla a tosaíodh i dtaca leis na sárúithe dá dtagraítear in Airteagal 16(1), agus faisnéis den sórt sin a thabhairt dóibh.

Airteagal 18
Smachtbhannaí riaracháin a fhoilsiú

1. Foilseoidh **ÚEUM** ar a shuíomh gréasáin, gan moill mhíchuí agus tar éis dó eolas a thabhairt don duine lena mbaineann faoi, aon chinneadh lena bhforchuirtear smachtbhanna riaracháin nach bhfuil aon cheart achomhairc ann ina leith a thuilleadh agus atá á fhorchur as sárú dá dtagraítear in Airteagal 16(1).

Áireofar leis an bhfoilsiú dá dtagraítear i bhfomhír 1 faisnéis faoi chineál agus nádúr an tsáraithe, agus céannacht an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh ar forchuireadh an smachtbhanna riaracháin air.

2. Is ar bhonn i ndíth ainm **■** a fhoilseoidh **ÚEUM** an smachtbhanna riaracháin i gceann ar bith de na himthosca seo a leanas:
 - (a) i gcás ina bhforchuirtear smachtbhanna riaracháin ar dhuine nádúrtha agus inarb amhlaidh, tar éis réamh-mheasúnú a dhéanamh, go meastar foilsiú sonraí pearsanta a bheith díréireach;
 - (b) i gcás ina gcuirfí cobhsaíocht margaí airgeadais nó imscrúdú coiriúil atá ar siúl i gcontúirt dá bhfoilseofaí é;
 - (c) i gcás ina ndéanfaí damáiste díréireach don SPE nó do na daoine nádúrtha lena mbaineann dá bhfoilseofaí é.

De rogha air sin, i gcás inar dóigh go dtiocfaidh na himthosca dá dtagraítear sa chéad fhomhír chun deiridh laistigh de thréimhse réasúnach ama, féadfar foilsiú faoi mhír 1 a chur siar ar feadh na tréimhse sin.

3. Áiritheoidh **ÚEUM** gur ar feadh cúig bliana a choinneofar ar a shuíomh gréasáin oifigiúil an fhaisnéis a fhoilsítear faoi mhír 1 nó 2. Is ar feadh na tréimhse a theastaíonn amháin a choinneofar sonraí pearsanta ar shuíomh gréasáin oifigiúil **ÚEUM**.

Airteagal 18a
Táillí maoirseachta

1. ***Gearrfaidh ÚEUM táillí ar an SPE i gcomhréir leis an Rialachán seo agus i gcomhréir leis na gníomhartha tarmligthe a ghlacfar de bhun mhír 2 den Airteagal seo. Beidh na táillí sin cionmhar le láimhdeachas an SPE i dtrácht agus clúdóidh siad go hiomlán caiteachas riachtanach ÚEUM a bhaineann le SBBSanna a cheadúnú agus le maoirseacht ar SPEnna.***
2. ***Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí chineál na dtáillí, na nithe a mbeidh na táillí dlite ina leith, méid na dtáillí agus an tslí a mbeidh siad le híoc a shonrú tuilleadh.***

Airteagal 19

Formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal a dhéanamh ar an margadh SBBSanna

Laistigh de theorainneacha a shainordaithe a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010, beidh BERS freagrach as formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal a dhéanamh ar an margadh SBBSanna san Aontas agus gníomhóidh sé i gcomhréir leis na cumhachtaí a leagtar amach sa Rialachán sin. ***Má fhaigheann sé go bhfuil margáí SBBS ag cothú riosca tromchúiseach d'fheidhmiú rianúil na margáí le haghaidh urrúis fiachais cheannasaigh na mBallstát sin a bhfuil an Euro ina airgeadra acu, bainfidh BERS leas as na cumhachtaí a thugtar dó faoi Airteagail 16, 17 agus 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010, de réir mar is iomchuí.***



Caibidil 4

Cumhachtaí cur chun feidhme agus forálacha críochnaitheacha

Airteagal 21

Leasú ar Threoir 2009/65/CE

I dTreoir 2009/65/CE, cuirtear an tAirteagal 54a seo a leanas isteach:

"Airteagal 54a

1. I gcás ina gcuireann na Ballstáit maolú dá dtagraítear in Airteagal 54 i bhfeidhm nó i gcás ina dtugann siad tarscaoileadh dá dtagraítear in Airteagal 56(3), déanfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI:
 - (a) an maolú céanna a chur i bhfeidhm nó an tarscaoileadh céanna a thabhairt don GCUI chun suas go dtí 100% dá shócmhainní a infheistiú in SBBSanna mar a shainmhínítear in Airteagal 3(3) de Rialachán [*tagairt do Rialachán SBBS le cur isteach*] i gcomhréir le prionsabal an scaipthe riosca i gcás ina measann na húdaráis inniúla sin go bhfuil ag sealbhóirí aonaid sa GCUI cosaint atá coibhéiseach leis an gcosaint sin atá ag sealbhóirí aonaid in GCUI atá ag comhlíonadh na dteorainneacha a leagtar síos in Airteagal 52;
 - (b) cur i bhfeidhm mhír 1 agus mhír 2 d'Airteagal 56 a tharscaoileadh.
2. Faoin [*6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm Rialachán SBBS*], glacfaidh agus foilseoidh na Ballstáit na bearta a theastaíonn chun mír 1 a chomhlíonadh agus cuirfidh siad na bearta sin in iúl don Choimisiún.”

Airteagal 22

Leasú ar Threoir 2009/138/CE

In Airteagal 104 de Threoir 2009/138/CE, cuirtear an mhír 8 seo a leanas leis:

"8. Chun an Ceanglas Caipitil Sócmhainneachta Bunúsach a ríomh, is amhlaidh, maidir le neamhchosaintí ar urrúis de bhun bannaí ceannasacha mar a shainmhínítear in Airteagal 3(3) de Rialachán [*tagairt do Rialachán SBBS le cur isteach*], go ndéileálfar leo mar neamhchosaintí ar rialtais láir nó bainc cheannais na mBallstát, arna sloinneadh agus arna gcistiú ina n-airgeadra intíre.

Faoin [6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm Rialachán SBBS], glacfaidh agus foilseoidh na Ballstáit na bearta a theastaíonn chun an chéad fhomhír a chomhlíonadh agus cuirfidh siad na bearta sin in iúl don Choimisiún."

Airteagal 23

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar a leanas:

(1) in Airteagal 268, cuirtear an mhír 5 seo a leanas leis:

"5. De mhaolú ar an gcéad mhír, maidir **leis an tráinse sinsearach** d'urrúis de bhun bannaí ceannasacha mar a shainmhínítear in **Airteagal 3(8)** de Rialachán [*tagairt do Rialachán SBBS le cur isteach*], féadfar déileáil leis i gcónaí i gcomhréir leis an gcéad mhír den Airteagal seo.";

(2) in Airteagal 325, cuirtear an mhír 4 seo a leanas leis:

"4. Chun críche an Teidil seo, is mar neamhchosaintí ar an rialtas láir de chuid Ballstáit a dheáilfaidh institiúidí le neamhchosaintí atá i bhfoirm **an tráinse shinsearaigh** d'urrúis de bhun bannaí ceannasacha mar a shainmhínítear in **Airteagal 3(8)** de Rialachán [*tagairt do Rialachán SBBS le cur isteach*].";

(3) in Airteagal 390(7), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

"Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir le neamhchosaintí ar urrúis de bhun bannaí ceannasacha mar a shainmhínítear in Airteagal 3(3) de Rialachán [*tagairt do Rialachán SBBS le cur isteach*]."

Airteagal 24

Leasuithe ar Threoir (AE) 2016/2341

I dTreoir (AE) 2016/2341, cuirtear an tAirteagal 18a seo a leanas isteach:

"Airteagal 18a

Urrúis de bhun Bannaí Ceannasacha

1. Ina rialacha náisiúnta féin maidir le sócmhainní IORPanna a luacháil, maidir le cistí dílse IORPanna a ríomh, agus maidir leis an gcorrlach sócmhainneachta do IORPanna a ríomh, déileálfadh na Ballstáit le hurrúis de bhun bannaí ceannasacha, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3(3) de Rialachán [*tagairt do Rialachán SBBS le cur isteach*], ar an mbealach céanna a dhéileáiltear le hionstraimí fiachais cheannasaigh an limistéir euro.

2. Faoin [6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm Rialachán SBBS], glacfaidh agus foilseoidh na Ballstáit na bearta a theastaíonn chun mír 1 a chomhlíonadh agus cuirfidh siad na bearta sin in iúl don Choimisiún.”.

Airteagal 24a
An tarmligean a fheidhmiú

1. *Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.*
2. *Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(3) agus in Airteagal 18a(2) a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse 5 bliana amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.*
3. *Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear sa tríú agus sa cheathrú fómhír d'Airteagal 4(3) agus in Airteagal 18a(2) a chúlghairm tráth ar bith. Má chinntear cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonrófar sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.*
4. *Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Ferr.*
5. *A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.*
6. *Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun an tríú nó an ceathrú fómhír d'Airteagal 4(3) nó de bhun Airteagal 18a(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse thrí mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.*

Airteagal 25
Clásal meastóireachta

Tráth nach luaithe ná cúig bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus a luaithe atá sonraí leordhóthanacha ar fáil, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo, lena mheasúnú ar chomhlíon sé a chuspóirí i leith deireadh a chur le baic rialála mhíchuí ar theacht chun cinn SBBSanna.

Airteagal 26
Nós imeachta coiste

1. Beidh an Coiste Eorpach um Urrúis a bunaíodh le Cinneadh 2001/528/CE ón gCoimisiún¹⁷ de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 27
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

¹⁷ Cinneadh 2001/528/CE ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2001 lena mbunaítear an Coiste Eorpach um Urrúis (IO L 191, 13.7.2001, lch. 45).

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

Teideal	Urrúis de bhun bannaí ceannasacha	
Tagairtí	COM(2018)0339 – C8-0206/2018 – 2018/0171(COD)	
Dáta a thíolactha don Pharlaimint	24.5.2018	
An coiste freagrach Dáta a fhógartha sa suí iomlánach	ECON 5.7.2018	
Rapóirtéir/rapóirtéirí Dáta an cheapacháin	Jonás Fernández 31.5.2018	
Arna phlé i gcoiste	12.11.2018	10.12.2018
Dáta a ghlactha	21.3.2019	
Toradh na vótála chríochnaithí	+: 28 -: 12 0: 0	
Comhaltaí a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach	Pervenche Berès, Esther de Lange, Markus Ferber, Jonás Fernández, Stefan Gehroid, Sven Giegold, Neena Gill, Roberto Gualtieri, Danuta Maria Hübner, Wolf Klinz, Werner Langen, Bernd Lucke, Olle Ludvigsson, Ivana Maletić, Marisa Matias, Bernard Monot, Caroline Nagtegaal, Stanisław Ożóg, Ralph Packet, Sirpa Pietikäinen, Anne Sander, Molly Scott Cato, Pedro Silva Pereira, Ernest Urtasun, Marco Valli, Babette Winter	
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach	Enrique Calvet Chambon, Manuel dos Santos, Ramón Jáuregui Atondo, Danuta Jazłowiecka, Verónica Lope Fontagné, Aleksejs Loskutovs, Thomas Mann, Joachim Starbatty, Lieke Wierinck	
Comhaltaí ionaid faoi Riail 200(2) a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach	José Blanco López, Eider Gardiazabal Rubial, Sylvie Guillaume, Bernd Kölmel, Ulrike Trebesius	
Dáta an chur síos	22.3.2019	

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

28	+
ALDE	Enrique Calvet Chambon, Lieve Wierinck
PPE	Markus Ferber, Stefan Gehroid, Danuta Maria Hübner, Danuta Jazłowiecka, Werner Langen, Verónica Lope Fontagné, Aleksejs Loskutovs, Ivana Maletić, Thomas Mann, Sirpa Pietikäinen, Anne Sander
S&D	Pervenche Berès, José Blanco López, Jonás Fernández, Eider Gardiazabal Rubial, Neena Gill, Roberto Gualtieri, Sylvie Guillaume, Ramón Jáuregui Atondo, Olle Ludvigsson, Manuel dos Santos, Pedro Silva Pereira, Babette Winter
VERTS/ALE	Sven Giegold, Molly Scott Cato, Ernest Urtasun

12	-
ALDE	Wolf Klinz, Caroline Nagtegaal
ECR	Bernd Kölmel, Bernd Lucke, Stanisław Ożóg, Ralph Packet, Joachim Starbatty, Ulrike Trebesius
EFDD	Bernard Monot, Marco Valli
GUE/NGL	Marisa Matias
PPE	Esther de Lange

0	0

Eochair na siombailí:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh